C/2026/5127

7.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5127)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Marsala'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0785-AM03 — 13.8.2026

1. **Ainm an táirge**

'Marsala'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír lena mbaineann an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta – An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

— nach bhfuil athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Tuairisc

Méadaíodh neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte na bhfíonchaor tráth na bainte ó 12 % go 13 %.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sonraí teagmhála an chomhlachta cigireachta

Tuairisc

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht cigireachta, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 11 den tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúchán ar an doiciméad aonair maidir le pacáistíocht sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc

Bhí oibleagáid cheana féin sa tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC 'Marsala' an fíon treisithe a bhuidéalú agus a phacáistiú sa limistéar geografach sainithe.

Dá bhrí sin, cuireadh an coinníoll sin isteach sa doiciméad aonair trí leasú a dhéanamh.

Ní bhaineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge agus níl i gceist leis ach athrú ar roinn 11 ('Ceanglais bhreise is infheidhme') den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúchán — Ceartúcháin eagarthóireachta eile ar an doiciméad aonair — tuairisc ar na fíonta

Tuairisc

Tá tuairiscí ar leithligh ar na fíonta ar bhonn an datha: rinneadh idirdhealú idir na cineálacha a bhfuil dath 'oro' [ór] agus 'ambra' [ómra] orthu agus na cineálacha a bhfuil dath 'Rubino' [dath an rúibín] orthu.

Thairis sin, ceartaíodh an luach le haghaidh aigéadacht luaineach uasta na gcineálacha 'Superiore Riserva' (30 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

Ní bhaineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge agus níl i gceist leis ach athrú ar roinn 6 ('Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta') den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúchán — Ceartúcháin eagarthóireachta eile ar an doiciméad aonair — táirgeacht

Tuairisc

Leagtar amach anois an tuairisc ar na táirgeachtaí le haghaidh fíonta a dhéantar as fíonchaora geala (10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir) in aon mhír amháin seachas in dhá mhír.

Ní bhaineann an leasú sin leis an tsonraíocht táirge, agus níl i gceist leis ach athrú ar an doiciméad aonair ag roinn 7.2 ('Táirgeachtaí').

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúchán — Ceartúcháin eagarthóireachta eile ar an doiciméad aonair — limistéar geografach sainithe

Tuairisc

Scriosadh an téacs 'atá lonnaithe i Réigiún na Sicile agus' chun an tuairisc ar an limistéar geografach sainithe sa doiciméad aonair a thabhairt i gcomhréir leis an tuairisc sa tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann an leasú sin leis an tsonraíocht táirge, agus níl i gceist leis ach athrú ar an doiciméad aonair ag roinn 9 ('Sainmhíniú coincheapa ar an limistéar geografach sainithe').

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúchán — Ceartúcháin eagarthóireachta eile ar an doiciméad aonair — nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Leathnaíodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach atá sa doiciméad aonair beagán chun é a thabhairt i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge (Airteagal 10(C) — Tuairisc ar an idirghníomhaíocht chúisíoch).

Go sonrach, cuireadh na habairtí seo a leanas isteach: Leis an miocraeráid — a bhaineann go sonrach le hiomlán na Sicile Thiar — ligtear do na fíonchaora, lena n-áirítear iad siúd a fhástar ar fhíniúnacha cuach-treoraithe, aibiú le leibhéil arda siúcra agus polaifeanól, rud a fhágann gur féidir na fíonta a aosú mar gheall go bhfuil leibhéil arda eastóscáin acu. Is féidir teacht ar eastáit dhaingnithe thipiciúla fós ar a dtugtar 'bagli' — a tógadh den chuid is mó le 250 bliain anuas — i gcomharsanacht lonnaíochtaí, agus is ann a úsáidtear na fíonchaora ón talamh torthúil máguaird chun fíon a dhéanamh díobh'.

Ní bhaineann an leasú sin leis an tsonraíocht táirge, agus níl i gceist leis ach athrú roinn 10 den doiciméad aonair ('Nasc leis an limistéar geografach').

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartúcháin eagarthóireachta ar an tsonraíocht

Tuairisc

Tugadh teidil na n-airteagal sa tsonraíocht táirge cothrom le dáta, scriosadh roinnt tagairtí do ghníomhartha dlí nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh agus ceartaíodh aon bhotún sa téacs.

Ní bhaineann an leasú sin ach leis an tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Marsala’

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0785-AM03 — 13.8.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Marsala’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

3. Fíon licéir

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

‘Marsala’ *Fine Oro* agus *Fine Ambra*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Athraíonn dath an fhíona ó thaobh déine de agus bíonn sé idir ór agus buí ómra.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha an fhíona

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 17,50 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' *Fine Rubino*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath dearg an rúibín ina bhforbraíonn drithlí ómra tar éis aosú.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 17,50 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' *Superiore Oro* agus *Superiore Ambra*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Athraíonn dath an fhíona ó thaobh déine de agus bíonn sé idir ór agus buí ómra.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	17
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' *Superiore Rubino*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath dearg an rúibín ina bhforbraíonn drithlí ómra tar éis aosú.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	17
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' *Superiore Riserva Oro* agus *Superiore Riserva Ambra*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Athraíonn dath an fhíona ó thaobh déine de agus bíonn sé idir ór agus buí ómra.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	30
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' Superiore Riserva Rubino

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath dearg an rúibín ina bhforbraíonn drithlí ómra tar éis aosú.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	30
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 17,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

'Marsala' *Vergine* (nó *Soleras*) *Oro* agus *Vergine* (nó *Soleras*) *Stravecchio* nó *Riserva Oro*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath órga de dhéine éagsúil.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	30
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l.

Méid siúcra nádúrtha níos lú ná 4,0 %

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge finiúna

'Marsala' *Vergine* (nó *Soleras*) *Rubino* agus *Vergine* (nó *Soleras*) *Stravecchio* nó *Riserva Rubino*

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath dearg an rúibín ina bhforbraíonn drithlí ómra tar éis aosú.

Dea-bholadh

Boladh saintréitheach.

Blas

Blas sainiúil.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	3.5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	30
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 18,00 %.

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 21,0 g/l.

Méid siúcra nádúrtha níos lú ná 4,0 %

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtais fhíoneolaíocha

Marsala

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Tuairisc

An t-úrfhíon fíonchaor cócaráilte, an t-úrfhíon fíonchaor tiubhaithe agus an t-úrfhíon úrfháiscthe ar a dtugtar *sifone* a úsáidtear agus Marsala á ullmhú, i gcás ina gceadaítear sin, ní mór iadsan a tháirgeadh freisin ó fhíonchaora a fhástar sna fíonghoirt atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta sainithe.

Tá toirmeasc ar úrfhíon fíonchaor cócaráilte a chur le hullmhú Marsala *Fine* na gcineálacha *oro* agus *rubino* agus Marsala *Superiore* na gcineálacha *oro* agus *rubino*.

Tá sé éigeantach 1 % ar a laghad d'úrfhíon fíonchaor cócaráilte a chur le hullmhú Marsala *Fine Ambra* agus Marsala *Superiore Ambra*.

Tá toirmeasc ar úrfhíon fíonchaor cócaráilte, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó *sifone* a úsáid nuair atá Marsala *Vergine* á ullmhú.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

'Marsala' *Fine oro, Fine ambra, Superiore oro, Superiore ambra, Superiore Riserva oro, Superiore Riserva ambra, Vergine* (nó *Soleras*) *oro, Vergine* (nó *Soleras*) *Stravecchio* nó *Riserva oro*

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	10 000
Aonad uastáirgeachta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

'Marsala' *Fine rubino, Superiore rubino, Superiore Riserva rubino, Vergine* (nó *Soleras*) *rubino, Vergine* (nó *Soleras*) *Stravecchio* nó *Riserva rubino*

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	9 000
Táirgeacht uasta:	cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Ansonica B — Inzolia

— Calabrese N — Nero d'Avola N.

— Catarratto Bianco Comune B — Catarratto

— Catarratto Bianco Lucido B — Catarratto

— Damaschino B

— Grillo B

— Nerello Mascalese N

— Perricone N — Pignatello

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Cuimsíonn an limistéar táirgeachta críoch iomlán chúige Trapani, seachas bardais Pantelleria, Favignana agus Alcamo.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

3. Fíon licéir

Achoimre ar an nasc

Tá tréithe orgánaileipteacha fhíon Marsala mar thoradh ar shaintréithe sonracha aeráide, geolaíocha, físonsaothrúcháin agus cultúrtha an limistéir gheografaigh áitiúil sin, a chuireann an talamh idéalach ar fáil le haghaidh fíonghoirt, ach eascraíonn siad freisin as na cleachtais a bunaíodh ann ó thús ama. Leis an miocraeráid — a bhaineann go sonrach le hiomlán na Sicile Thiar — ligtear do na físonchaora, lena n-áirítear iad siúd a fhástar ar fhíniúnacha cuach-treoraithe, aibiú le leibhéil arda siúcra agus polaifeanól, rud a fhágann gur féidir na físonta a aosú mar gheall go bhfuil leibhéil arda eastóscáin acu. Is féidir teacht ar eastáit dhaingnithe thipiciúla fós ar a dtugtar 'bagli', eastáit a tógadh den chuid is mó le 250 bliain anuas, i gcomharsanacht lonnaíochtaí, agus is ann a úsáidtear na físonchaora ón talamh torthúil máguaird lena dtabhairt chun iad a phróiseáil chun físon a dhéanamh. A bhuí leis an ngné dhaonna, tá an limistéar sin anois ina chliabhán uathúil de shibhialtacht na Meánmhara i dtaca le fás fíniúnacha agus físonóireacht, áit a mbíonn an t-eolas a chomhroinneann go leor de tairgeoirí agus mórphearsana gnó as láimh a chéile. Mar thoradh ar an meascán sásta den chóras físoneolaíoch mar a thuairiscítear agus de na traidisiúin talmhaíochta agus físonóireachta, tháinig físonlanna ar mhórscála chun cinn (agus úsáid á baint as na teicnící seanbhunaithe monaraíochta agus aosaithe) arb iad na haon táirgeoirí den fhíon licéir ATFC sin iad.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais / an mhaolaithe

Pacáistíocht, agus buidéalú ina measc, sa limistéar geografach sainithe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an cheanglais / an mhaolaithe breise

Buidéalú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ní mór pacáistiú, chomh maith le buidéalú, a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe chun cáilíocht agus clú a chosaint, agus chun na rialuithe a ráthú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialuithe cáilíochta éifeachtach.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23293